CINNEADH (AE) 2021/1955 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2021

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hOstaire,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle *Cinneadh (AE) 2019/2157* ([2]), *lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025*.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh ar dhul in éag don sainordú ar dá bhun a moladh Markus LINHART a cheapadh.

(4) Mhol rialtas na hOstaire Bernhard BAIER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach nó áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Gemeinderat der Stadt Linz* (Comhairle Bardais Chathair Linz), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Bernhard BAIER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach nó áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach, *Gemeinderat der Stadt Linz* (Comhairle Bardais Chathair Linz), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. ŠIRCELJ

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).